# RÁTHAÍOCHT DHLÍTHIÚIL

**Ráthaíocht dhlíthiúil dhá bhliain ar a laghad** le haghaidh earraí a dhíoltar san Aontas Eorpach.

Is féidir le tomhaltóirí a gcearta a éileamh faoin ráthaíocht dhlíthiúil um chomhréireacht, sna cásanna seo a leanas, mar shampla:

- níl na hearraí ag teacht leis an gcur síos;
- níl na hearraí ag feidhmiú mar a bhí beartaithe.

**Tá díoltóirí faoi dhliteanas** i leith aon easpa comhréireachta a bhí ann nuair a seachadadh na hearraí, agus a thagann chun solais laistigh de thréimhse na ráthaíochta dlíthiúla. Ceanglaítear ar dhíoltóirí i gcás den sórt sin an méid seo a leanas a thairiscint:

- **deisiúchán saor in aisce** nó **athsholáthar saor in aisce**;
- i gcásanna áirithe, **laghdú ar an bpraghas** nó **aisíocaíocht iomlán**.

Tá tréimhse ráthaíochta dlíthiúla níos faide ag roinnt tíortha. I gcás earraí athláimhe, féadfaidh feidhm a bheith ag tréimhse níos giorra, ach tréimhse nach lú ná bliain amháin.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi do chearta i dtír ar leith, scan an cód QR thíos nó iarr eolas ar an díoltóir.

europa.eu/youreurope/ráthaíochtaí

## Cad é a dhéanfaidh tú
### má fhaigheann tú earraí neamh-chomhréireacha:

1. Déan teagmháil leis an díoltóir a luaithe is féidir chun an fhadhb a thuairisciú;
2. Tabhair cruthúnas ar cheannach, amhail admháil, sonrasc, nó ráiteas bainc.

GARAN

Féadfaidh díoltóirí agus táirgeoirí ráthaíochtaí tráchtála a thairiscint freisin, a bhfuil feidhm acu go neamhspleách ar an ráthaíocht dhlíthiúil. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go bhfeicfeá an lipéad seo GARAN a léiríonn **an ráthaíocht tráchtála um marthanacht** a thairgeann an táirgeoir gan aon chostas breise agus a chumhdaíonn an t-earra ar fad.